GRADAIM AN AONTAIS MAIDIR LE TÁIRGEADH ORGÁNACH

Réamhrá ginearálta

Le méaduithe ar an táirgeadh orgánach cabhraítear go mór chun laghdú a dhéanamh ar úsáid leasachán ceimiceach, lotnaidicídí agus ábhar frithmhiocróbach, agus bíonn tionchar dearfach ar an aeráid, ar an gcomhshaol, ar an mbithéagsúlacht agus ar leas ainmhithe dá bharr. Sin an fáth ar sainaithníodh go bhfuil ról lárnach ag an táirgeadh orgánach maidir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na straitéise 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' agus na Straitéise Bithéagsúlachta a bhaint amach. Ar an gcúis sin, tá sé de sprioc ag an gCoimisiún go mbeidh 25% de thalamh talmhaíochta an Aontais faoi fheirmeoireacht orgánach faoi 2030 agus go mbeidh méadú suntasach ar an dobharshaothrú orgánach.

Chun tacú leis an sprioc sin, ghlac an Coimisiún an Plean Gníomhaíochta um Tháirgeadh Orgánach a Fhorbairt[1] i mí an Mhárta 2021. Is é an cur chuige atá sa Phlean Gníomhaíochta sin ná gur cheart éileamh na dtomhaltóirí ar tháirgí orgánacha a mhéadú ar mhaithe leis an táirgeadh orgánach a spreagadh. Chuige sin, is gá go mbeadh níos mó feasachta ag an bpobal ar shaintréithe agus ar thairbhí an táirgthe orgánaigh, le cois nithe eile. Chun na críche sin, áirítear sa Phlean Gníomhaíochta gradaim bhliantúla a eagrú chun aitheantas a thabhairt don sármhaitheas sa slabhra luacha orgánach. Bronnfar na gradaim sin den cheathrú huair in 2025.

Cliceáil anseo chun féachaint ar fhíseáin de bhuaiteoirí ghradaim orgánacha 2024.

Tá sé chatagóir gradam beartaithe ina bhfuil seacht ngradam aonair:

- Catagóir 1: An feirmeoir orgánach is fearr (baineann) agus an feirmeoir orgánach is fearr (fireann)[2]
- Catagóir 2: An réigiún/bithcheantar orgánach is fearr
- Catagóir 3: An chathair orgánach is fearr
- Catagóir 4: An FBM is fearr a phróiseálann bia orgánach[3]
- Catagóir 5: An miondíoltóir bia orgánaigh is fearr
- Catagóir 6: An bhialann orgánach/an tseirbhís bia orgánaigh is fearr[4]

Níl duais airgid ag gabháil leis na gradaim agus bronnfar iad ar Lá Orgánach an Aontais, an 23 Meán Fómhair 2025.

---

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, maidir leis an bPlean Gníomhaíochta um Tháirgeadh Orgánach a Fhorbairt:
https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=CELEX%3A52021DC0141

[2] Saothrú talún agus an dobharshaothrú araon san áireamh

[3] Iad siúd a phróiseálann táirgí orgánacha dobharshaothraithe san áireamh

[4] Bialann (bialann neamhspleách nó bialann óstáin) agus/nó seirbhís bia (lónadóir nó ceaintín)

Réamhrá a bhaineann go sonrach leis an nglao

- **Catagóir 1**: Is é cuspóir an ghradaim **'An feirmeoir orgánach is fearr'** aitheantas a thabhairt d'fheirmeoir (**bean amháin agus fear amháin**) a d'fhorbair tionscadal nuálach inbhuanaithe spreagúil den scoth lenar cruthaíodh fíor-bhreisluach don táirgeadh agus don tomhaltas orgánach. Tabharfar aird ar leith ar thionscadail feirmeoirí óga chun a n-infheictheacht a mhéadú, trína dtionscadail a thaispeáint agus trína n-ábharthacht a chur i dtábhacht (sainmhínítear feirmeoirí óga mar fheirmeoirí a bhfuil 40 bliain d'aois ar a mhéad slánaithe acu (tráth an sprioc-ama chun iarratais a chur isteach)[5]).
- **Catagóir 2**: Is é cuspóir an ghradaim '**An réigiún/bithcheantar orgánach is fearr**' aitheantas a thabhairt do réigiún nó do bhithcheantar a d'fhorbair tionscadal nuálach inbhuanaithe spreagúil den scoth lenar cruthaíodh fíor-bhreisluach don táirgeadh agus don tomhaltas orgánach.
- **Catagóir 3**: Is é cuspóir an ghradaim '**An chathair orgánach is fearr**' aitheantas a thabhairt do chathair a d'fhorbair tionscadal nuálach inbhuanaithe spreagúil den scoth lenar cruthaíodh fíor-bhreisluach don táirgeadh agus don tomhaltas orgánach.
- **Catagóir 4**: Is é cuspóir an ghradaim '**An FBM is fearr a phróiseálann bia orgánach**' aitheantas a thabhairt d'Fhiontar Beag agus Meánmhéide (FBM) a phróiseálann táirgí orgánacha agus a d'fhorbair tionscadal nuálach inbhuanaithe spreagúil den scoth lenar cruthaíodh fíor-bhreisluach don táirgeadh agus don tomhaltas orgánach.
- **Catagóir 5**: Is é cuspóir an ghradaim '**An miondíoltóir bia orgánaigh is fearr**' aitheantas a thabhairt do mhiondíoltóir bia FBM a dhíolann táirgí orgánacha agus a d'fhorbair tionscadal nuálach inbhuanaithe spreagúil den scoth lenar cruthaíodh fíor-bhreisluach don táirgeadh agus don tomhaltas orgánach.
- **Catagóir 6**: Is é cuspóir an ghradaim '**An bhialann orgánach/an tseirbhís bia orgánaigh is fearr**' aitheantas a thabhairt do bhialann FMB ar bialann (neamhspleách nó cuid d'óstán) agus/nó seirbhís bia (lónadóir nó ceaintín) í a bhfuil tagairtí deimhnithe orgánacha ina biachlár agus a d'fhorbair tionscadal nuálach inbhuanaithe spreagúil den scoth lenar cruthaíodh fíor-bhreisluach don táirgeadh agus don tomhaltas orgánach.

Na critéir incháilitheachta agus bhronnta

1. Ní mór do na hiarratais ar Ghradaim an Aontais maidir le Táirgeadh Orgánach na critéir incháilitheachta seo a leanas a chomhlíonadh:

a) Is é an suíomh gréasáin seo a leanas an túsphointe chun iarratas a dhéanamh ar cheann de na gradaim:

https://agriculture.ec.europa.eu/farming/organic-farming/organic-action-plan/eu-organic-awards_en?prefLang=ga

Ar an suíomh gréasáin seo tá naisc chuig na foirmeacha iarratais ar líne le haghaidh gach ceann de na gradaim. Ba cheart na hiarratais a chur isteach faoin **27 Aibreán 2025, 23:59:59 Am Lár na hEorpa** ar a dhéanaí.

[5] Chun críoch dhámhachtainí orgánacha an Aontais, is éard is feirmeoir óg ann feirmeoir a bhfuil 40 bliain d'aois ar a mhéad slánaithe aige (i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115).

b) Ní mór an t-iarratas a dhéanamh i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

c) Is gá gur duine dlítheanach nó nádúrtha é an t-iarratasóir atá bunaithe nó ina chónaí i gceann de na 27 mBallstát den Aontas.

d) An tionscadal a chuirtear isteach, ní mór dó a bheith bunaithe san Aontas agus tagairt shoiléir a dhéanamh do **cheann amháin** de na sé chatagóir gradaim/seacht ngradam. Ní féidir an tionscadal céanna a chur isteach ar roinnt catagóirí/gradam. Ní ceadmhach d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ach ar **aon ghradam amháin**. Aon iarratas amháin in aghaidh an ghradaim, sin é an t-uaslíon.

e) Ní féidir le buaiteoirí ghradaim na n-eagrán a bhí ann roimhe iarratas a dhéanamh arís ar ghradaim na bliana seo. Na hiomaitheoirí a bhain an babhta ceannais amach sna heagráin a bhí ann roimhe ach nár bhuaigh gradam, féadfaidh siadsan iarratas a dhéanamh arís ar ghradaim na bliana seo.

f) Ba cheart an tionscadal a bheith curtha i bhfeidhm go hiomlán cheana féin nó a bheith forbartha go leor le gur féidir leis an ngiúiré é a mheasúnú (i.e. ba cheart a dhóthain dul chun cinn a bheith déanta sa chur i bhfeidhm fisiciúil le go mbeifear in ann a léiriú gur baineadh amach na cuspóirí).

g) Critéir incháilitheachta shonracha do gach catagóir gradam:

- **An feirmeoir orgánach is fearr (baineann) agus an feirmeoir orgánach is fearr (fireann)**: Deimhnithe de réir Rialachán (AE) 2018/848[6];
- **An réigiún/bithcheantar orgánach is fearr**: Sainmhínítear '*bithcheantar*' mar limistéar geografach ina ndéanann feirmeoirí, an pobal, oibreoirí turasóireachta, comhlachais agus údaráis phoiblí comhaontú maidir le bainistiú inbhuanaithe acmhainní áitiúla, bunaithe ar phrionsabail agus ar chleachtais orgánacha. Níl aon chritéir incháilitheachta shonracha ag réigiún orgánach.
- **An chathair orgánach is fearr**: Níl aon sainchritéar incháilitheachta ann; i gcás ina n-oibríonn an chathair feirm nó stóras orgánach amháin nó níos mó, ba cheart cruthúnas ar a ndeimhniúchán orgánach a chur ar fáil. Ba cheart an cruthúnas sin a bheith ina dheimhniú bailí tráth a chuirtear isteach é.
- **An FBM is fearr a phróiseálann bia orgánach:** Fiontar atá deimhnithe de réir Rialachán (AE) 2018/848 agus a bhfuil táirgeadh orgánach 100% aige agus a chomhlíonann an sainmhíniú ar FBM[7] (fiontar ag a bhfuil níos lú ná 250 duine fostaithe agus láimhdeachas bliantúil nach mó ná €50 milliún, agus/nó clár comhardaithe bliantúil iomlán nach mó ná €43 mhilliún). Is féidir comharchumainn a thuiscint mar fhiontair. Tuigtear próiseáil mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 í[8].

---

[6] Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32018R0848)

[7] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32003H0361&from=GA

[8] Sonraítear in Airteagal (2)(m), (n) agus (o) 'sainmhínithe' de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia:

• (m) ciallaíonn 'próiseáil' aon ghníomh lena ndéantar an táirge tosaigh a athrú go substaintiúil, lena n-áirítear téamh, deatú, leasú, aibiú, triomú, maranáidiú, eastóscadh, easbhrú nó comhcheangal de na próisis sin;

• (n) ciallaíonn 'táirgí neamhphróiseáilte' earraí bia nach ndearnadh a phróiseáil, agus lena n-áirítear táirgí a rinneadh a roinnt, a scaradh, a bhaint, a shlisniú, a dhíchnámhú, a mhionú, a fheannadh, a mheilt, a ghearradh, a ghlanadh, a bhearradh, a mhuilleáil, a fhuarú, a reo, a íosreo nó a leá, nó a ndearnadh an crotal a bhaint de;

- **An miondíoltóir bia orgánaigh is fearr**: Fiontar atá deimhnithe de réir Rialachán (AE) 2018/848 agus ag a bhfuil tagairtí atá deimhnithe a bheith 100% orgánach ar díol (seachas táirgí neamhbhia nó táirgí bia nach bhfuil ar fáil go horgánach) agus a chomhlíonann an sainmhíniú ar FBM[9] (fiontar ag a bhfuil níos lú ná 250 duine fostaithe agus láimhdeachas bliantúil nach mó ná €50 milliún, agus/nó clár comhardaithe bliantúil iomlán nach mó ná €43 mhilliún). Is féidir comharchumainn a thuiscint mar fhiontair.
- **An bhialann orgánach/an tseirbhís bia orgánaigh is fearr**: Fiontar ag a bhfuil tagairtí atá deimhnithe a bheith 100% orgánach ina bhiachlár, nuair is féidir, agus a chomhlíonann an sainmhíniú ar FBM[10] (fiontar ag a bhfuil níos lú ná 250 duine fostaithe agus láimhdeachas bliantúil nach mó ná €50 milliún, agus/nó clár comhardaithe bliantúil iomlán nach mó ná €43 mhilliún). Is féidir comharchumainn a thuiscint mar fhiontair.

2. Déanfaidh giúiré Ghradaim an Aontais maidir le Táirgeadh Orgánach gach iarratas incháilithe a mheas de réir na gcritéar bronnta cothrománach seo a leanas:

- **Barr feabhais**: Is gá go mbeadh tionscnamh den scoth forbartha ag an mbuaiteoir, tionscnamh a chruthaíonn fíor-bhreisluach don táirgeadh orgánach. Ciallaíonn sé sin torthaí agus tionchar maith an tionscadail i ndáil lena chuspóirí tosaigh. Léireoidh na tionscadail a dtionchar ar an limistéar agus ar an gcríoch lena mbaineann agus léireofar a dtorthaí i gcomparáid leis na spriocanna agus na cuspóirí a leagadh síos ar dtús.
- **Gné nuálach an tionscadail sa chatagóir gradam a roghnaíodh**: Ní 'gnó mar is gnách' a bheadh i gceist leis na tionscadail ach ba cheart dóibh cineálacha nua cur chuige agus modhanna nua eagraíochtúla a léiriú, sin nó torthaí nua (nó torthaí atá feabhsaithe go suntasach) a fhorbairt le haghaidh na hearnála orgánaí. Tá na critéir chun an ghné nuálach de gach catagóir a thomhas mionsonraithe níos fearr sna rannáin a bhaineann go sonrach leis an gcatagóir.
- **Colúin inbhuanaitheachta (comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch) an tionscadail**: Léireoidh na tionscadail a n-inbhuanaitheacht agus a dtodhchaí mar thionscnamh neamhspleách nó mar thionscadal ina sonraítear an dóigh a gcomhlíontar gach colún den inbhuanaitheacht i dtrí fhoroinn éagsúla
- **Inaistritheacht agus an deis chun tionscadal den chineál céanna a dhéanamh arís in áiteanna eile san Aontas**: Léireoidh an tionscadal gur dea-chleachtas é i gcomhthéacs níos leithne (san Aontas) agus go spreagann sé áiteanna eile nó go bhféadfadh sé sin a dhéanamh. Ba cheart don tionscadal bealaí maithe a léiriú chun a chuid spriocanna agus torthaí a chur in iúl.
- **Feirmeoir óg (catagóir 1)**: d'fhonn tuilleadh infheictheachta a thabhairt d'fheirmeoirí óga, i gcás pointí coibhéiseacha sa scóráil deiridh, tabharfar tús áite d'fheirmeoirí a bhfuil 40 bliain ar a mhéad slánaithe acu.

• (o) ciallaíonn 'táirgí próiseáilte' earraí bia a eascraíonn as táirgí neamhphróiseáilte a phróiseáil. Féadfaidh comhábhair a bheith sna táirgí sin atá riachtanach chun iad a mhonarú nó chun saintréithe sonracha a thabhairt dóibh.

[9] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32003H0361&from=GA

[10] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=CELEX:32003H0361&from=GA

Cuirfear treoircheisteanna ar na hiarratasóirí, a fhorbrófar i ndáil le ceithre phrionsabal na talmhaíochta orgánaí agus i ndáil leis na colúin inbhuanaitheachta, chomh maith le hachoimre ar an tionscadal. Cabhróidh na ceisteanna sin leis na hiarratasóirí struchtúr níos fearr a chur ar a bhfreagraí agus leis an ngiúiré freisin tuilleadh sonraí a fháil faoi na hiarratasóirí.